
# Fuinneamh a shábháil ar scoil

> *Tá beagnach trí cheathrú den fhuinneamh i scoil in úsáid chun na téitheoirí agus an t-uisce a théamh.*

## Smaoinigh faoi...

Seo roinnt ceisteanna a chabhróidh le do rang smaoineamh faoin bhfuinneamh a úsáideann sibh gach lá ar scoil…

1. *Conas a úsáideann tú fuinneamh ar scoil? Smaoinigh faoi gach seomra; seomra ranga, seomra folctha, seomra na foirne, an oifig, an halla.*
2. *An bhfuil fuinneamh á chur amú ar scoil?*
3. *An féidir leat smaoineamh ar bhealaí chun fuinneamh a shábháil ar scoil?*




Úsáideann a lán rudaí fuinneamh ar scoil, cosúil le teas, solas, cláir bhána idirghníomhacha agus ríomhairí. Cruthaíonn breoslaí iontaise an chuid is mó den fhuinneamh seo. Cruthaímid dé-ocsaíd charbóin nuair a dhóimid breoslaí iontaise chun fuinneamh a chruthú. Is ceann de na gáis cheaptha teasa is cúis le hathrú aeráide í dé-ocsaíd charbóin.

## Cad is féidir leatsa a dhéanamh?



Tá a lán bealaí ann chun níos lú fuinnimh a úsáid agus chun áit níos compordaí a dhéanamh de do scoil. Is féidir leat airgead a shábháil agus dul i mbun gnímh freisin in aghaidh athrú aeráide trí fhuinneamh a shábháil. Spreag do rang chun páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí seo agus déan iarracht ansin chun an scoil iomlán a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bhfuinneamh a shábháil ar scoil.

- Dún na fuinneoga ag deireadh an lae ar scoil.
- Tarraing cuirtíní agus ísligh dallóga sa gheimhreadh ag deireadh gach lae chun cabhrú le teas a choimeád istigh.
- Socraigh teirmeastait ranga ag 18 °C.
- Múch soilse nuair a bhíonn dóthain de sholas an lae ann, nó nuair a bhíonn an seomra folamh.

- Múch an monatóir nuair nach mbíonn ríomhaire á úsáid, fiú ar feadh tréimhse ghearr.
- Roghnaigh trealamh don seomra foirne a bhfuil rátáil A aige ar an lipéad fuinnimh.
- Ná beirigh ach an méid uisce a theastaíonn nuair a bhíonn citeal á bheiriú.
- Cinntigh go mbíonn miasniteoirí lán sula gcuirtear ar siúl iad.
- Sábháiltear fuinneamh trí uisce a shábháil, ná fág sconnaí ar siúl.

## Eolas breise

| **Acmhainní do Mhúinteoirí agus Scoláirí** | |
|---|---|
| *Láithreáin Ghréasáin* | • Chun teacht ar bhileoga eolais, físeáin agus go leor eolais faoi fhuinneamh a shábháil ar scoil, tabhair cuairt ar an mír 'Acmhainní' ar an láithreán gréasáin Fuinneamh san Oideachas.<br><br>• Léigh faoi conas atá fuinneamh á shábháil ag scoileanna timpeall na hÉireann. |
| *Físeáin* | • Insíonn Bunscoil Naomh Clár dúinn conas a dhéanann siad fuinneamh a shábháil ar scoil.<br>• Insíonn daltaí bunscoile dúinn conas a dhéanann siad fuinneamh a shábháil sa seomra ranga.<br>• Féach ar an bhfíseán Scéal an Fhuinnimh |

| **Acmhainní do Mhúinteoirí amháin** | |
|---|---|
| *Gníomhaíochtaí sa Seomra Ranga* | • Cuir seicliosta le chéile de ghníomhartha a chuireann fuinneamh amú, cosúil le soilse a fhágáil ar lasadh i seomra ranga folamh. Cuir foireann le chéile chun gach seomra ranga a sheiceáil. Bronn duais ar an rang a shábhálann an méid is mó fuinnimh ag deireadh na seachtaine.<br><br>• Úsáid logleabhar an scoláire agus an chairt bhalla de chuid Bleachtairí Fuinnimh chun úsáid fuinnimh ar scoil a fhiosrú. |
| *Pleananna ceachta* | • Déan iniúchadh fuinnimh ar an scoil tríd an bplean ceachta seo a úsáid ó acmhainn an SEAI chun fuinneamh inbhuanaithe a |

| | |
|---|---|
| | mhúineadh sa Bhunscoil, Caibidil a cúig (do Rang 3 agus 4).<br><br>• Déan úsáid fuinnimh ar scoil a thomhas agus foghlaim conas léamh méadair a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an bplean ceachta seo.<br><br>• Fiosraigh na hacmhainní múinteoireachta atá ar fáil ón SEAI, físeáin, pleananna ceachta agus acmhainní don chlár bán idirghníomhach san áireamh. |